CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1624 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Lúnasa 2023

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le bolgach caorach agus le bolgach gabhar sa Spáinn

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 5415)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 ón gCoimisiún ([2]) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna de bholgach caorach agus de bholgach gabhar sa Spáinn, a braitheadh i réigiúin na hAndalúise agus Castilla-La Mancha, ar dhá bhraisle ar leith iad, ceann amháin i ngach réigiún. Tá feidhm ag an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(2) Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir leis na criosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise, atá le bunú ag an Spáinn tar éis ráigeanna de bholgach caorach agus de bholgach gabhar, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([3]), go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(3) I dteannta na gcriosanna cosanta agus faireachais, bunaíodh crios srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, i réigiún na hAndalúise agus i réigiún Castilla-La Mancha araon, áit ina gceanglaítear ar an Spáinn bearta áirithe a chur i bhfeidhm maidir le srianta ar ghluaiseachtaí caorach agus gabhar lasmuigh den chrios srianta breise sin, d'fhonn cosc a chur ar leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar chuig an gcuid eile dá críoch agus chuig an gcuid eile den Aontas.

(4) Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333, thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi roinnt ráigeanna breise de bholgach caorach agus de bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh caoirigh agus/nó gabhair. Dá thoradh sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, chomh maith leis na limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta breise le haghaidh na Spáinne, san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333, leasaíodh iad ina dhiaidh sin. Is le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2023/1145 a leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 go deireanach ([4]).

(5) Ó bhí dáta ghlactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1145 ann, chuir an Spáinn an Coimisiún ar an eolas faoin bhfaireachas arna dhéanamh sna criosanna cosanta agus faireachais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333. Léirítear i dtorthaí an fhaireachais sin nach raibh aon ráig nua de bholgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn ó bhí an 17 Bealtaine 2023 ann.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022 maidir le bearta áirithe éigeandála a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 (IO L 308, 29.11.2022, lch. 22).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1145 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le bolgach caorach agus le bolgach gabhar sa Spáinn (IO L 151, 12.6.2023, lch. 28).

(6) I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche fabhraí maidir leis an ngalar sin, d'iarr an Spáinn go ndéanfaí bearta áirithe a leagtar síos in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 a bhaineann le gluaiseachtaí caorach agus gabhar ón gcrios srianta breise chuig ceann scríbe lasmuigh den chrios srianta breise sin a leasú chun gluaiseachtaí caorach agus gabhar a cheadú ón gcrios srianta breise chuig an chuid eile de chríoch na Spáinne, chun críoch eile seachas iad a mharú láithreach.

(7) Dá bhrí sin, na bearta a bhaineann le gluaiseachtaí caorach agus gabhar ón gcrios srianta breise chuig ceann scríbe lasmuigh den chrios srianta breise sin, dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333, ba cheart na bearta sin a leasú chun gluaiseachtaí caorach agus gabhar a cheadú ón gcrios srianta breise chuig an gcuid eile de chríoch na Spáinne chun críoch eile seachas iad a mharú láithreach, agus chun coinníollacha agus bearta bithshlándála a leagan amach faoinar féidir a leithéid de ghluaiseachtaí a dhéanamh, agus an staid eipidéimeolaíoch reatha maidir le bolgach caorach agus bolgach gabhar i réigiún Castilla-La Mancha á cur san áireamh.

(8) I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche, i.e. nach bhfuil ann do bholgach caorach agus bolgach gabhar i gcodanna eile an Aontais, agus na riachtanais shonracha maidir le gluaiseachtaí caorach agus gabhar ón gcrios srianta breise chuig an gcuid eile den Spáinn go háirithe chun fadhbanna leasa ainmhithe leis na hainmhithe a sheachaint sa chrios srianta breise sin, mar gheall ar mhéid agus fhad ama na mbeart arna gcur chun feidhme sa chrios sin, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 leis an gCinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333:

'*Airteagal 3*

Bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais agus sna criosanna srianta breise

1. Gluaiseachtaí caorach agus gabhar a choimeádtar sa chrios cosanta, ní cheadófar iad ach amháin má údaraíonn an t-údarás inniúil iad agus má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2, 7 agus 8.

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil gluaiseachtaí caorach agus gabhar a choimeádtar sa chrios cosanta a údarú nuair is go díreach chuig seamlas atá suite sa chrios cosanta céanna leis an mbunaíocht tionscnaimh atá na gluaiseachtaí sin de chaoirigh agus de ghabhair ag dul, lena marú láithreach.

3. Gluaiseachtaí caorach agus gabhar a choimeádtar sa chrios faireachais, ní cheadófar iad ach amháin má údaraíonn an t-údarás inniúil iad agus má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 4, 7 agus 8.

4. Féadfaidh an t-údarás inniúil gluaiseachtaí caorach agus gabhar a choimeádtar sa chrios faireachais a údarú nuair is go díreach chuig seamlas atá suite sa chrios faireachais céanna leis an mbunaíocht tionscnaimh atá na gluaiseachtaí sin de chaoirigh agus de ghabhair ag dul, lena marú láithreach.

5. Gluaiseachtaí caorach agus gabhar ón gcrios srianta breise chuig ceann scríbe lasmuigh den chrios srianta breise sin, ní cheadófar iad ach amháin má údaraíonn an t-údarás inniúil iad agus má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i mír 6, agus i mír 8, pointí (a) go (d).

6. Na gluaiseachtaí seo a leanas maidir le caoirigh agus gabhair a choimeádtar sa chrios srianta breise, lasmuigh den chrios sin laistigh de chríoch na Spáinne, féadfaidh údarás inniúil na háite tionscnaimh iad a údarú:

(a) gluaiseachtaí caorach agus gabhar díreach chuig seamlas lena marú láithreach;

(b) gluaiseachtaí caorach agus gabhar díreach chuig bunaíocht atá lonnaithe lasmuigh den chrios srianta breise, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(i) na hainmhithe a bhfuil sé beartaithe iad a aistriú, coimeádadh iad sa bhunaíocht tionscnaimh ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta na gluaiseachta, nó ó rugadh iad má tá siad níos óige ná 30 lá;

(ii) fanfaidh na caoirigh agus na gabhair sa bhunaíocht cinn scríbe ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad tar éis dháta a sroichte, ach amháin i gcás ina n-aistreofar iad díreach chuig seamlas lena marú láithreach;

(iii) na caoirigh agus gabhair a bhfuil sé beartaithe iad a aistriú, comhlíonfaidh siad ceann de na ceanglais seo a leanas:

— laistigh de 48 uair roimh am an luchtaithe, níor mhór na caoirigh agus na gabhair sa bhunaíocht tionscnaimh a bheith curtha faoi chigireacht cliniciúil agus gan aon siomptóm cliniciúil ná lot na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar a bheith léirithe acu;

nó

— na caoirigh agus gabhair a bhfuil sé beartaithe iad a aistriú, comhlíonann siad aon ráthaíocht sláinte ainmhithe comhchosúil ar bhonn toradh fabhrach ar mheasúnú riosca ar na bearta i gcoinne leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar a cheanglaíonn údarás inniúil na háite tionscnaimh.

7. Beidh na caoirigh agus na gabhair atá le hiompar faoi réir cigireacht chliniciúil ag údarás inniúil na háite tionscnaimh laistigh de thréimhse 24 uair an chloig nó níos lú roimh an am iompair.

8. Maidir leis na modhanna iompair a úsáidtear chun caoirigh agus gabhair a aistriú ó na criosanna cosanta agus faireachais nó na criosanna srianta breise dá dtagraítear i míreanna 1, 3 agus 5:

(a) comhlíonfaidh siad na ceanglais maidir leis na modhanna iompair a leagtar síos in Airteagal 24(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687;

(b) déanfar iad a ghlanadh agus a dhíghalrú sula ndéanfar aon ainmhí a iompar faoi rialú nó faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil;

(c) déanfar iad a ghlanadh agus a dhíghalrú i gcomhréir leis na ceanglais maidir leis na modhanna iompair a leagtar síos in Airteagal 24(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 faoi rialú nó faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil;

(d) ní iomprófar iontu ach caoirigh agus gabhair a bhfuil an stádas sláinte céanna acu a choimeádtar sa bhunaíocht chéanna;

(e) séalóidh údarás inniúil na bunaíochta tionscnaimh iad tar éis luchtú na n-ainmhithe agus bainfidh údarás inniúil an tseamlais cinn scríbe an séala.'

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún